Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2024
(OR. en)

16325/24

LIMITE

FISC 251
ECOFIN 1450

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) le linn uachtaránacht na hUngáire - Formheas |

1. I gcomhréir leis an sainordú atá aici, tuairiscíonn an Mheitheal um an gCód Iompair go tráthrialta don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh aici ina cuid oibre. Leagtar amach in 16328/2024 + ADD 1-7 an tuarascáil leathbhliantúil is déanaí ón Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) chuig an gComhairle.

2. Ag an gcruinniú den Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) an 20 Samhain 2024, scrúdaíodh na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na hUngáire. Tacaíonn na toscaireachtaí go léir leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an comhaontú maidir leis an téacs a dhearbhú agus a mholadh don Chomhairle (Ecofin) na conclúidí seo a fhormheas mar mhír ‘A’ an 10 Nollaig 2024.

PUBLIC

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

**le linn Uachtaránacht na hUngáire**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo:

1. AITHNÍONN SÍ tionchar dearfach an Chóid Iompair agus iarrachtaí na Meithle maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha a mhaolú, lena rannchuidítear le córais chánach fhabhracha a laghdú laistigh den Aontas agus ar fud an domhain araon;

2. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR MÓR AICI iarrachtaí na Meithle agus tiomantas an Chathaoirligh le linn a sainordaithe maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Chód Iompair (Cánachas Gnó) a chur chun cinn agus MOLTAR don Mheitheal leanúint dá hobair luachmhar;

3. FORMHEASANN SÍ tuarascáil na Meithle mar a leagtar amach in 16328/2024 + ADD 1-7 í;

4. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta arna gcomhaontú ag an Meitheal agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar; FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe maidir le héifeachtaí iarbhír na mbeart aonair mar a chomhaontaigh an Mheitheal iad agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar na bearta aonair sin;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair san athbhreithniú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha i mí Dheireadh Fómhair 2024; MOLANN SÍ don Mheitheal idirphlé éifeachtach

a choinneáil ar bun leis na dlínsí, faireachán agus scagadh a dhéanamh chun tacú lena gcomhlíontacht le critéir liostaithe an Aontais agus le comhlíonadh na ngealltanas laistigh den sprioc-am a comhaontaíodh;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur chuir an Mheitheal an faireachán a dhéanfar amach anseo do chritéar 1.2 in oiriúint i gcomhthéacs chreat nua faireacháin agus athbhreithnithe an Fhóraim Dhomhanda maidir le trédhearcacht cánach; AITHNÍONN SÍ go ndéantar faireachán leanúnach ar na dlínsí ábhartha nach ngearrann cáin nó nach ngearrann ach cáin ainmniúil ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an chreata dhlíthiúil maidir le feithiclí comhinfheistíochta faoi chritéar 2.2; AITHNÍONN SÍ gur leathnaíodh cur i bhfeidhm chritéar 3.2 chuig dlínsí a tháinig isteach i gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS amhail ón 1 Eanáir 2018 agus an iarraidh ar ghealltanas ó na dlínsí lena mbaineann;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair ar na táscairí iomchuí roghnúcháin le haghaidh modhnuithe a dhéanfar amach anseo ar raon feidhme geografach liosta an Aontais;

8. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair chun úinéireacht thairbhiúil a ionchorprú mar cheathrú critéar trédhearcachta;

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Polainne.

PUBLIC